Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2025
(OR. en)

9394/25

DEVGEN 75
RELEX 654
ACP 31
SUSTDEV 37
ONU 26
FIN 556

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Bealtaine 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8927/25 |
| Ábhar: | Conairí i dtreo an dul chun cinn: an tionchar ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar an rathúnas domhanda a uasmhéadú<br>– Conclúidí ón gComhairle roimh an 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta (an 26 Bealtaine 2025) |

Gheobhaidh toscairí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle roimh an 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta – Conairí i dtreo an dul chun cinn: an tionchar ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar an rathúnas domhanda a uasmhéadú, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4099ú cruinniú a bhí aici an 26 Bealtaine 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**Conairí i dtreo an dul chun cinn: an tionchar ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar an rathúnas domhanda a uasmhéadú**

**Conclúidí ón gComhairle roimh an 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta**

1. Tá an Chomhairle ag súil leis an 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta atá ar na bacáin, a bheidh ar siúl in Sevilla ón 30 Meitheamh go dtí an 3 Iúil 2025 agus a bheidh ina deis thábhachtach chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht chomhchoiteann i dtreo creat maoiniúcháin domhanda athnuaite don fhorbairt inbhuanaithe. Tá an tAontas lántiomanta i gcónaí an clár oibre tábhachtach sin a chur chun cinn trí cheannaireacht pholaitiúil, aontacht agus cuimsitheacht, agus mar chomhpháirtí iontaofa, d'fhonn go n-éireoidh leis an gcomhdháil sin bunaithe ar thoradh uaillmhianach forleathan agus lena ndearbhaítear ábharthacht agus ról fíor-riachtanach an iltaobhachais.

2. Aithníonn an Chomhairle, in ainneoin an dul chun cinn tábhachtach a rinneadh sna 10 mbliana ó bhí an 3ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta ann in Addis Ababa, go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an mbearna mhaoiniúcháin le 5 bliana anuas, go dtí thart ar 4 thrilliún USD anois in aghaidh na bliana[1], agus go bhfuil géarghá le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna nua atá fós gan réiteach, chomh maith le dúshláin shistéamacha a bhaineann leis an maoiniú don fhorbairt inbhuanaithe.

3. Aithníonn an Chomhairle go mbeidh an 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta ar siúl i dtimpeallacht slándála, pholaitiúil, shóisialta agus eacnamaíoch atá athraithe go mór. Dá bhrí sin, is cúis mhór imní don Chomhairle i gcónaí an tionchar ollmhór atá ag an tírdhreach domhanda atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear iomadú na gcoinbhleachtaí agus teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid, ionsaithe ar an gcomhar idirnáisiúnta agus ar an bhforbairt chuimsitheach inbhuanaithe, suaitheadh, agus géarchéimeanna agus coinbhleachtaí leanúnacha, lena n-áirítear an teannas méadaitheach a bhaineann leis an trádáil lena gcuirtear brú breise ar an gcóras iltaobhach trádála. Cuireann an méid sin leis an éiginnteacht eacnamaíoch, cuireann sé brú ar an gcomhar iltaobhach, agus baineann sé an bonn den mhuinín as an gcóras airgeadais idirnáisiúnta, agus ar an gcaoi sin méadaíonn sé an dothuarthacht, an laige agus an leochaileacht sa mhaoiniú don fhorbairt inbhuanaithe. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart don 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta tús áite a thabhairt, nuair is féidir, d'aithint, forbairt agus feabhsú a dhéanamh ar an méid a baineadh amach cheana agus ar na creataí, na hardáin agus na tionscnaimh atá ann cheana i gcomhréir lena róil éagsúla agus lena sainorduithe sonracha.

---

[1] Ionchas Domhanda ECFE maidir le Maoiniú don Fhorbairt Inbhuanaithe 2025.

4. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht go láidir go bhfuil géarghá le hathchóirithe leanúnacha i dtreo ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta don fhorbairt a bheidh níos cuimsithí, níos éifeachtúla agus níos ionadaíche, faoi chuimsiú shainordú gach institiúide ina dtógtar ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin. Cuirimid i bhfios go láidir nach mór feabhas a chur ar ionadaíocht agus guth na dtíortha atá i mbéal forbartha sa chinnteoireacht i mbainc forbartha iltaobhacha agus in institiúidí idirnáisiúnta eacnamaíocha agus airgeadais eile, chun leanúint d'institiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus dlisteanacha a chur ar fáil. Ní mór ionadaíocht neartaithe a bheith fite fuaite le freagracht mhéadaithe. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé céimeanna a thabhairt chun athchóiriú a dhéanamh ar NA80. Is deis ríthábhachtach é an 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta chun na hathchóirithe ar struchtúir rialachais dhomhanda a chur chun cinn agus chun iad a chur in oiriúint don 21ú haois[2]. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas diongbháilte an Aontais don iltaobhachas éifeachtach agus don ord idirnáisiúnta riail-bhunaithe a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas buanseasmhach an Aontais agus a Bhallstát an méid a leanas a chur chun feidhme: an Comhshocrú don Todhchaí, Clár Oibre 2030 agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), spriocanna Chomhaontú Pháras, Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí agus um Athléimneacht, an Creat Bithéagsúlachta Domhanda, Dearbhú Chóbanhávan maidir leis an bhForbairt Shóisialta, Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) agus torthaí a gcomhdhálacha athbhreithniúcháin. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle gurb í an bhochtaineacht féin, gan beann ar a cineál, agus go háirithe an fhíorbhochtaineacht gurb í sin an dúshlán is mó fós ar domhan agus nach mór í a dhíothú chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur i ngníomh.

6. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé an bhearna sa mhaoiniú domhanda a laghdú chun na SFInna a bhaint amach agus úsáid éifeachtach a bhaint as gach foinse maoinithe – idir phoiblí agus phríobháideach, idir intíre agus idirnáisiúnta – chun tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, mar a iarrtar freisin sa Chomhshocrú maidir le Rathúnas Daoine agus an Phláinéid.

[2] 11422/24 Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 79ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2024 go Meán Fómhair 2025.

7. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ar thús cadhnaíochta le fada maidir le tacú leis na hiarrachtaí domhanda chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, agus is iad a sholáthraíonn, i dteannta a chéile 42 % den chúnamh oifigiúil forbartha uile (COF) sa lá atá inniu ann. Agus an Comhdhearcadh Eorpach nua maidir le Forbairt á athdhearbhú aici, dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit tiomanta don mhéid a leanas: prionsabail agus cuspóirí na forbartha inbhuanaithe ina trí ghné, an fhíorbhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur léi, deireadh a chur leis an ocras[3] agus le gach cineál míchothaithe agus slándáil bia a bhaint amach, aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, ar chailliúint na bithéagsúlachta, agus ar dhíghrádú an chomhshaoil, an t-aigéan a chosaint, rioscaí tubaiste, leochaileachtaí agus neamhionannais a laghdú, lena n-áirítear neamhionannais inscne, agus gan aon duine a fhágáil ar lár. Tá ról ríthábhachtach ag an tiomantas sin freisin i gcórais talmhaíochta agus bhia na ngeilleagar tuaithe.[4] Tacófar leis sin *inter alia* trí ghealltanais chomhchoiteanna agus aonair maidir le maoiniú don fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear maidir le COF[5]. Meabhraíonn an Chomhairle an gealltanas comhchoiteann atá tugtha againn ár ngealltanais COF faoi seach a mhéadú agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear an gealltanas a thug formhór na dtíortha forbartha na spriocanna de 0.7 % den ollioncam náisiúnta le haghaidh COF[6] agus 0.15 % go 0.20 % den ollioncam náisiúnta le haghaidh cúnamh oifigiúil forbartha do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach (TLFanna).

8. Dearbhaíonn an Chomhairle tiomantas domhanda an Aontais feabhas a chur ar an tionchar agus ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a théann chun tairbhe don dá thaobh agus leanúint de bheith ina chomhpháirtí iontaofa, inchreidte agus láidir, ina n-oibrítear chun na SFInna a bhaint amach. Trí *Global Gateway*, tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit, agus iad ag obair de réir chur chuige Fhoireann na hEorpa, i gcomhar le hinstitiúidí airgeadais agus leis an earnáil phríobháideach, le tíortha comhpháirtíochta trí infheistíochtaí i mbonneagar a ghiaráil agus béim á leagan ar earnálacha digiteacha, aeráide agus fuinnimh, iompair, sláinte, oideachais agus taighde, agus trí thacú le timpeallacht chumasúcháin le haghaidh infheistíochtaí. Ina theannta sin, in *Global Gateway* ba cheart feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh infheistíochtaí ardcháilíochta trí chúnamh teicniúil, idirphlé beartais, comhaontuithe trádála agus infheistíochta, agus creataí caighdeánaithe agus rialála.

---

[3] Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí le tionscnamh G20 ‘an Comhaontas Domhanda chun an tOcras agus an Bhochtaineacht a Chomhrac’.

[4] Tá sé sin i gcomhréir leis an gCoiste um Prionsabail Slándála Bia an Domhain le haghaidh Infheistíocht Fhreagrach sa Talmhaíocht agus sa Chóras Bia.

[5] 11339/24, Tuarascáil Bhliantúil 2024 chuig an gComhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais i réimse na Cabhrach um Fhorbairt – Conclúidí ón gComhairle (24 Meitheamh 2024).

[6] Maidir leis na Ballstáit sin ar Ballstáit iad ó 2002 ar aghaidh, déanfaidh siad a ndícheall COF/OIN a mhéadú go 0.33 %.

9. Is iarracht ghinearálta é an maoiniú don fhorbairt lena gcumhdaítear slógadh acmhainní intíre, comhar cánach idirnáisiúnta agus comhrac na sreafaí aindleathacha airgeadais, caiteachas poiblí níos éifeachtúla agus bainistiú fiachais cheannasaigh, COF, agus sreafaí airgeadais príobháideacha.

10. Measann an Chomhairle go bhfuil beartais chánach agus chaiteachais atá cothrom agus éifeachtach ríthábhachtach chun slógadh acmhainní intíre a fheabhsú ar mhaithe leis an bhforbairt a mhaoiniú agus an neamhionannas a laghdú. Chun an comhar idirnáisiúnta cánach a neartú agus chun a áirithiú go bhfreagróidh na rialacha idirnáisiúnta cánach ar riachtanais, tosaíochtaí agus acmhainneachtaí éagsúla na dtíortha uile, tá rún daingean ag an gComhairle marana a dhéanamh ar bhealaí chun guth agus ionadaíocht na dtíortha atá i mbéal forbartha san ollstruchtúr idirnáisiúnta cánach a neartú, agus béim á leagan aici ar a thábhachtaí atá sé anailís chúramach a dhéanamh ar impleachtaí na gcreataí maidir le comhar idirnáisiúnta cánach do gach tír. Tacaíonn an Chomhairle le tacaíocht fothaithe acmhainneachta atá institiúideach, teicneolaíoch agus daonna agus atá bunaithe ar éileamh a thabhairt do thíortha atá i mbéal forbartha chun cabhrú leo feabhas a chur ar a mbeartais fhioscacha agus ar a riarachán ioncaim. Aithníonn an Chomhairle an obair a rinneadh cheana faoi Chreat G20-ECFE, a molann sí go leanfaí léi agus go seachnófaí dúbláil inti agus, tugann sí dá haire an chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair maidir le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach agus na prótacail a ghabhann leis. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé féachaint ar bhealaí nuálacha chun maoiniú nua a aimsiú do thíortha comhpháirtíochta atá i mbéal forbartha.

11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as maoiniú príobháideach i dtreo na forbartha inbhuanaithe lena n-áirítear acmhainní poiblí intíre, déthaobhacha, triantánacha agus iltaobhacha a ghiaráil chun an scála agus an tionchar a theastaíonn a bhaint amach. Iarrann an Chomhairle go mbainfí úsáid éifeachtach as ionstraimí airgeadais nuálacha le breisíocht airgeadais, lena n-áirítear ráthaíochtaí agus sásraí comhroinnte riosca eile, cistí infheistíochta poiblí-príobháideacha, chomh maith le bannaí glasa agus gorma agus molann sí go ndéanfaí na huirlisí sin a chomhordú agus a chomhchuibhiú ar bhealach níos fearr chun a dtionchar a uasmhéadú. Tá an leas a bhaintear as maoiniú príobháideach chun an clár oibre um fhorbairt a chur chun cinn fite fuaite le comhpháirtíochtaí athchóirithe atá bunaithe ar úinéireacht iomlán tíortha agus a théann chun tairbhe don dá thaobh, go háirithe chun institiúidí poiblí agus a rialachas eacnamaíoch a neartú, agus timpeallacht ghnó chumasúcháin a fhorbairt lena ndreasaítear infheistíochtaí príobháideacha. Tacaíonn sí freisin le leas a bhaint as seoltáin agus as infheistíocht diaspóra don fhorbairt inbhuanaithe.

12. Cuireann an Chomhairle i dtreis an ról catalaíoch atá ag COF maidir le foinsí eile maoinithe, idir phoiblí agus phríobháideach, a ghiaráil, mar shampla slógadh acmhainní intíre, maoiniú cumaiscthe agus infheistíochtaí príobháideacha inbhuanaithe. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá modhanna cur chun feidhme neamhairgeadais chun na SFInna a bhaint amach, chomh maith lena thábhachtaí atá rochtain leanúnach ar mhaoiniú lamháltais agus ar dheontais lamháltais, go háirithe d'earnálacha atá ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe nach bhfuil tarraingteach d'infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach. Ina theannta sin, fónann an comhar triantánach mar phríomh-mhódúlacht chun an Comhar Thuaidh-Theas agus Theas-Theas a ghiaráil agus chun a áirithiú go mbeidh tionchar mór ag réitigh forbartha, go mbeidh siad claochlaitheach agus gur go háitiúil a bheifear a thiomáint.

13. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuiltear ag breathnú ar thomhais chomhlántacha dul chun cinn a théann níos faide ná an olltáirgeacht intíre (OTI) a úsáid, lena n-áirítear an t-innéacs ilghnéitheach leochaileachta agus na táscairí eile a d'fhéadfadh a bheith ann a chuireann leochaileacht agus neamhionannas san áireamh. Aithníonn an Chomhairle nach mór feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar do thíortha atá ag dul tríd agus atá tagtha tríd stádas LDC le déanaí, trí dhreasachtaí agus bearta iomchuí, atá saincheaptha do chomhthéacs gach tíre deartha chun an cur isteach ar a gconair forbartha a íoslaghdú. Tugann an Chomhairle dá haire an obair leanúnach atá á déanamh ag an gCoiste um Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt de chuid ECFE sa réimse sin.

14. Aithníonn an Chomhairle na riachtanais agus na dúshláin éagsúla roimh na tíortha sin atá i staideanna speisialta, cuir i gcás na tíortha is lú forbairt, tíortha talamhiata i mbéal forbartha agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, chomh maith leis na dúshláin shonracha roimh thíortha meánioncaim agus tíortha atá i staideanna coinbhleachta agus iarchoinbhleachta, agus tíortha atá neamhchosanta ar an athraithe aeráide nó atá ag dul i ngleic le leochaileachtaí móra airgeadais. Molann an Chomhairle do na hinstitiúidí uile um fhorbairt tosca lena gcruthaítear an leochaileacht a chur san áireamh chun gur fearr a bheidh a n-anailís agus a ngníomhaíocht.

15. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil géarghá le hathléimneacht a chothú, go háirithe sna comhthéacsanna atá thíos le coinbhleacht agus atá neamhchosanta ar an ardleochaileacht agus ar an ríleochaileacht, agus béim á leagan ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais láithreacha agus ar infheistíocht a dhéanamh sa chosc. Maidir le laghdú rioscaí tubaiste, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá straitéisí forbartha atá bunaithe ar riosca agus réamhghníomhaíocht, arb é is aidhm dóibh leochaileachtaí a laghdú agus téarnamh inbhuanaithe cuimsitheach a chothú. Agus é á chur san áireamh go bhfuil 40 % de na daoine seo atá ag maireachtáil i bhfíorbhochtaineacht agus in ocras i dtíortha ina bhfuil coinbhleacht, iarrann an Chomhairle ar na Náisiúin Aontaithe, ar na Ballstáit agus ar institiúidí idirnáisiúnta airgeadais – sa cheanncheathrú agus ar an láthair araon – dlús a chur lena n-iarrachtaí chun réitigh nuálacha sholúbtha mhaoiniúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun coinbhleachtaí a chosc, agus an tsíocháin a chomhdhlúthú agus a chothú. Ba cheart do na cineálacha cur chuige sin tógáil ar dhea-chleachtais, ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta, agus tacú le cur chun feidhme comhordaithe, comhthéacs-sonrach i suíomhanna ina bhfuil coinbhleacht.

16. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i dtreis arís gur gá sochaithe síochánta, córa agus cuimsitheacha a thógáil lena gcuirfear rochtain chomhionann ar an gceartas ar fáil agus atá bunaithe ar urraim do chearta an duine agus don daonlathas. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais do chur chuige cothrom i leith thrí cholún na Náisiún Aontaithe: an tsíocháin agus an tslándáil a chothú, borradh a chur faoin bhforbairt inbhuanaithe agus cearta an duine a chosaint.

17. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go dtarlaíonn forbairt inbhuanaithe anois i ndomhan atá buailte go mór ag an ngéarchéim thriarach phláinéadach. Ar leibhéal na tíre, iarraimid go mbeadh próiseas pleanála comhtháite don fhorbairt inbhuanaithe ann lena dtabharfaí le chéile gach cineál agus gach foinse airgeadais, lena n-áirítear maoiniú don aeráid agus don bhithéagsúlacht. I gcomhréir leis an gcinneadh maidir leis an Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann a glacadh ag Comhdháil na bPáirtithe, a bhí ag fónamh mar chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras sa 6ú seisiún de, iarrann an Chomhairle ar na gníomhaithe uile oibriú le chéile chun gur féidir maoiniú don ghníomhú ar son na haeráide a mhéadú ó gach foinse phoiblí agus phríobháideach do thíortha i mbéal forbartha atá ina bpáirtithe i gComhaontú Pháras. Meabhraíonn an Chomhairle gur féidir infheistíocht sa ghníomhú ar son na haeráide a scaoileadh ar an mórchóir ach sreafaí airgeadais a bheith comhsheasmhach le conair i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus na forbartha atá seasmhach ó thaobh na haeráide de agus iarrann sí ar na gníomhaithe uile oibriú chun an cuspóir sin a bhaint amach. Ba cheart toradh an 3ú ceann de Chomhdhálacha Aigéin na Náisiún Aontaithe maidir le gníomhaíocht inbhuanaithe ar son na n-aigéan, atá ar na bacáin, a chur san áireamh freisin.

18. Tá an Chomhairle i bhfabhar struchtúr an chomhair idirnáisiúnta um fhorbairt a fheabhsú, cur le láidreachtaí agus saineolas na n-eintiteas ábhartha agus a áirithiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm chun dlús a chur le maoiniú don fhorbairt inbhuanaithe. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí le héifeachtacht na forbartha agus lena prionsabail maidir le húinéireacht agus ceannaireacht na tíre, le fócas ar thorthaí, le comhpháirtíochtaí cuimsitheacha agus trédhearcacht, agus le cuntasacht fhrithpháirteach. Tacaíonn an Chomhairle le pleananna, straitéisí agus ardáin faoi stiúir tíre, mar shampla Creataí Maoiniúcháin Náisiúnta Comhtháite, mar bhonn chun dul i dteagmháil leis na comhpháirtithe forbartha uile. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé timpeallachtaí a chumasú atá fabhrach don mhaoiniú don fhorbairt inbhuanaithe, agus a thábhachtaí atá ceannaireacht agus tiomantas daingean na bpáirtithe leasmhara agus na n-údarás náisiúnta, a bhfuil an phríomhfhreagracht orthu as forbairt a dtíortha féin. Tá ról ríthábhachtach aige sin freisin i gcórais talmhaíochta agus bhia na ngeilleagar tuaithe.[7]

19. Leagann an Chomhairle béim ar a tiomantas don dea-rialachas, agus don smacht reachta, agus do chomhrac na himghabhála cánach agus na seachanta cánach, an éillithe, an sciúrtha airgid agus na coireachta eagraithe ar gach leibhéal agus ar gach réimse, chomh maith le sreafaí aindleathacha airgeadais a eascraíonn astu, ag tógáil ar na creataí atá ann cheana, an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA) cuir i gcás. Is tosca ríthábhachtacha iad sin go léir chun timpeallachtaí fabhracha infheistíochta a chruthú a mheallann infheistíocht intíre agus idirnáisiúnta araon agus a chuireann fás cuimsitheach inbhuanaithe chun cinn. Is bunriachtanais freisin, i ndáil leis sin, bainistiú airgeadais phoiblí agus bainistiú fiachais atá trédhearcach, éifeachtúil agus cuntasach, agus comhleanúnachas foriomlán an bheartais don fhorbairt inbhuanaithe.

20. Cuireann an Chomhairle béim ar an tábhacht a bhaineann leis an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuálaíocht maidir le SFInna a bhaint amach agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an t-aistriú teicneolaíochta ar théarmaí deonacha a chomhaontaítear go frithpháirteach, chomh maith leis an gcomhroinnt eolais agus an fothú acmhainneachta. Sa chomhthéacs sin, aithníonn an Chomhairle gur spreagadh trasearnálach don táirgiúlacht, don athléimneacht agus don fhás cuimsitheach é an caipiteal daonna agus scileanna a neartú, agus gur príomhthoisc é chun dálaí cumasúcháin a chruthú don infheistíocht agus don nuálaíocht.

---

7 Tá sé sin i gcomhréir leis an gCoiste um Prionsabail Slándála Bia le haghaidh Infheistíocht Fhreagrach sa Talmhaíocht agus sna Córais Bia.

21. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí lántiomanta don chomhionannas inscne, do chumhachtú na mban agus don neamhspleáchas airgeadais a chur chun cinn agus meabhraítear di gur gá gné na hinscne a phríomhshruthú go córasach i ngach beartas, clár, módúlacht agus buiséad. I ndáil leis an méid sin, cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé na dálaí a chruthú chun acmhainní leordhóthanacha intíre a shlógadh, agus rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chothú chun comhionannas inscne a bhaint amach. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil ról lárnach ag na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus ag na Bainc Forbartha Iltaobhacha (BFInna) maidir le bearta beartais inscne-fhreagrúla a chur chun cinn, lena n-áirítear beartais fhioscacha agus airgeadais, agus infheistíochtaí a spreagadh in earnálacha atá lárnach chun neamhionannais struchtúracha i gcoitinne agus neamhionannais inscne go háirithe a réiteach.

22. Aithníonn an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sonraí agus staidreamh chun an dul chun cinn i dtreo na SFInna a thomhas agus chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht fhianaise-bhunaithe. Leagann an Chomhairle béim ar an luach a bhaineann le staidreamh COF agus ar ról ECFE/ról an Choiste um Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt maidir leis an bhfaireachán a dhéantar ar COF. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá caighdeán na Tacaíochta Oifigiúla Iomláine don Fhorbairt Inbhuanaithe (TOSSD) mar fhoinse sonraí chun trédhearcacht agus eolas ar na hacmhainní a rannchuidíonn le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a thomhas agus a fheabhsú ar bhealach níos fearr, lena ngabhtar na sreafaí oifigiúla uile agus na méideanna príobháideacha uile arna slógadh chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe. Cuireann an Chomhairle in iúl go bhfuil an tAontas réidh le féachaint ar bhealaí níos cuimsithí agus níos trédhearcaí chun maoiniú don fhorbairt a shainiú agus a thomhas, lena n-áirítear trí úsáid níos fearr a bhaint as sonraí le haghaidh measúnú riosca agus leithdháileadh acmhainní. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé faireachán agus meastóireacht a dhéanamh, chomh maith le gníomhaíochtaí leantacha, maidir le hacmhainní atá ann cheana a úsáid chun cuntasacht agus foghlaim a neartú maidir leis na hiarrachtaí i dtreo na forbartha inbhuanaithe agus an rathúnais dhomhanda.

23. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin go bhfuil sí toilteanach an tacaíocht do thíortha comhpháirtíochta a neartú trí fothú acmhainneachta spriocdhírithe, go háirithe trí institiúidí a neartú, agus lena n-áirítear oiliúint a chur ar oifigigh rialtais. Ba cheart don tacaíocht sin díriú, *inter alia*, ar thimpeallachtaí cumasúcháin a chruthú lena gcothaítear forbairt gnó agus fás eacnamaíoch, ionstraimí nuálacha maoinithe a cheapadh agus acmhainneachtaí institiúideacha a threisiú le haghaidh bainistiú fónta airgeadais phoiblí, lena n-áirítear bainistiú fiachais. Ina theannta sin, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá fothú acmhainneachta chun tacú le tíortha feabhas a chur ar bhailiú ioncaim intíre agus beartais phoiblí éifeachtacha a cheapadh agus a chur chun feidhme, i gcomhréir lena dtosaíochtaí forbartha náisiúnta.

24. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil sí tiomanta réitigh fhadtéarmacha a lorg ar fhiachas ceannasach neamh-inbhuanaithe, a ríthábhachtaí atá sé do thíortha inbhuanaitheacht an fhiachais a áirithiú agus an spás fioscach a mhéadú chun SFInna a bhaint amach, agus gur gá tacú le tíortha sna hiarrachtaí sin trí chosc níos fearr agus trí shásraí réitigh feabhsaithe. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn tábhachtach a rinneadh i gcásanna athstruchtúraithe fiachais le déanaí faoi Chreat Comhchoiteann G20 le haghaidh Cóireáil Fiachais agus lasmuigh de. Is é an tosaíocht atá ann faoi láthair ionstraimí nua faoisimh fiachais a chruthú, ach cur chun feidhme na dtionscnamh a bhfuil torthaí dearfacha orthu a uas-scálú. Dá bharr sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun dlús a chur le cur chun feidhme an chomhchreata ar bhealach níos intuartha, níos tráthúla, níos ordúla agus níos comhordaithe.

25. Ní mór an struchtúr fiachais idirnáisiúnta a neartú chun gur fearr a chuirfear ábhair imní agus riachtanais na dtíortha atá i mbéal forbartha san áireamh. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an inbhuanaitheacht fiachais, trí idirphlé a dhéanamh freisin idir na príomhpháirtithe leasmhara i ndáil leis na prionsabail atá ann cheana maidir le hiasachtaíocht fhreagrach. Chuige sin, tacaíonn an Chomhairle le hidirphlé bliantúil a chur ar bun le hinstitiúidí na Náisiún Aontaithe, tíortha a bhfuil leochaileachtaí fiachais ag bagairt orthu, Club Pháras agus creidiúnaithe oifigiúla eile, ina bhfeidhmeoidh an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus an Banc Domhanda mar bhreathnóirí, chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas fiachais.

26. Molann an Chomhairle freisin an obair atá á déanamh ag CAI agus ag an mBanc Domhanda maidir le cur chuige trí cholún chun tacú le tíortha ísealioncaim agus le tíortha leochaileacha i mbéal forbartha a bhfuil dúshláin leachtachta rompu, ach a bhfuil a bhfiachas inbhuanaithe. Ag an am céanna, measann sí, agus tacaíocht leachtachta á tabhairt nuair is gá, nár cheart dó sin moill a chur ar an athstruchtúrú, má tá gá leis. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé trédhearcacht fiachais agus forbairt acmhainní a mhéadú. Meabhraítear don Chomhairle gur iarradh sa Chomhshocrú don Todhchaí úsáid níos mó a bhaint as babhtálacha fiachais do na SFInna, lena n-áirítear babhtálacha fiachais don aeráid nó don dúlra, do thíortha i mbéal forbartha, de réir mar is iomchuí, agus tacaíonn sí le babhtálacha fiachais a úsáid de réir an cháis. I gcás inarb iomchuí, tacaíonn an Chomhairle freisin le clásail sosa fiachais in iasachtú oifigiúil a phríomhshruthú.

27. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta i gcónaí do CAI atá láidir, bunaithe ar chuótaí agus a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige, agus é i gcroílár an Líontáin Sábhála Airgeadais Dhomhanda. Athdhearbhaíonn Ballstáit an Aontais a dtiomantas do CAI atá oiriúnach don fheidhm i gcónaí chun gur féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an 21ú haois. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le tacaíocht fheabhsaithe a chur ar fáil do Bhainc Forbartha Phoiblí (BFPanna) chun neart a chur leis an acmhainneacht institiúideach agus, ar an gcaoi sin, a dtionchar a uasmhéadú. Tacaíonn an Chomhairle le comhar neartaithe idir BFPanna, BFInna agus an córas airgeadais níos leithne, ag tógáil ar obair atá á déanamh ag an líonra *Finance in Common*.

28. Leagann an Chomhairle béim ar an ról bunúsach atá ag na BFInna maidir le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras. Tacaíonn an tAontas le hiarrachtaí athchóirithe tábhachtacha na BFInnaagus a misin á gcur i críoch acu ar bhealach níos éifeachtaí maidir le deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht agus borradh a chur faoin rathúnas comhroinnte, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda ar nós na leochaileachta agus coinbhleachtaí, an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta, an truaillithe agus neamhionannais inscne. Molann an Chomhairle do na BFInna a dtionchar a neartú a thuilleadh agus béim ar leith á leagan acu ar na tíortha is mó atá i ngátar, go háirithe iad siúd is faide chun deiridh agus is leochailí.

29. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar na BFInna feabhas a chur ar a gcomhar agus ar a gcomhordú eatarthu féin agus le gníomhaithe forbartha eile, lena n-áirítear córas na Náisiún Aontaithe, deontóirí déthaobhacha agus an earnáil phríobháideach, chun sineirgí a mhéadú, dúbailt a sheachaint agus tacaíocht chomhleanúnach a áirithiú.

30. Tacaíonn an Chomhairle le Treochlár G20 le haghaidh BFInna atá 'níos fearr, níos mó agus níos éifeachtaí' agus tathantaíonn sí ar na BFInna é a chur chun feidhme go tapa, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar a n-éifeachtacht oibríochtúil agus éifeachtúlacht a n-úsáide caipitil trí chreat leordhóthanachta caipitil agus trí bhearta barrfheabhsaithe an chláir chomhardaithe, agus a n-inbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach á cosaint ag an am céanna, gan a rátálacha creidmheasa arda agus láidre agus an chóireáil mar chreidiúnaí tosaíochta a chailleadh, agus a rátálacha 'A faoi thrí' á gcosaint i gcás inarb infheidhme. Iarrann an Chomhairle ar na BFInna tuilleadh feabhais a chur ar an tslí a n-oibríonn siad mar chóras le páirtithe agus le rialtais, le bainc forbartha náisiúnta agus fonáisiúnta, le cistí ingearacha don aeráid agus leis an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, chun an tionchar forbartha a uasmhéadú.

31. I gcomhar le chéile, gheall Ballstáit an Aontais thart ar USD 37 mbilliún de Chearta Tarraingthe Speisialta (nó ranníocaíochtaí coibhéiseacha) a chur go deonach chuig an Iontaobhas Athléimneachta agus Inbhuanaitheachta agus chuig an Iontaobhas um Laghdú Bochtaineachta agus um Fhás agus is iad atá ar thús cadhnaíochta maidir leis na hacmhainní a aistriú chuig cistí iontaobhais CAI, agus timpeall is USD 35 bhilliún curtha ar fáil leo. Molann an Chomhairle do thíortha atá in ann an méid sin a dhéanamh machnamh a dhéanamh ar ranníocaíochtaí deonacha nua a dhéanamh leis an Iontaobhas um Laghdú Bochtaineachta agus um Fhás agus leis an Iontaobhas Athléimneachta agus Inbhuanaitheachta, agus chun a ngealltanais a chomhlíonadh, ionas go mbeidh acmhainní ar fáil go héifeachtach do thíortha leochaileacha. Molann an Chomhairle freisin do thíortha atá in ann an méid sin a dhéanamh machnamh a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt d’athrú na gceart tarraingthe speisialta trí na BFInna, agus creata dlíthiúla ábhartha á n-urramú agus cineál cúlsócmhainní na gceart sin á gcaomhnú ag an am céanna.

32. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an trádáil mar uirlis a spreagann an fhorbairt inbhuanaithe. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí le córas iltaobhach trádála atá bunaithe ar rialacha, nach bhfuil idirdhealaitheach agus atá cóir, oscailte, cuimsitheach, cothrom, inbhuanaithe agus trédhearcach, córas a mbeidh an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ina chroílár. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta tacú le comhtháthú éifeachtach na dtíortha i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is leochailí agus is iargúlta, mar shampla na tíortha is lú forbairt, tíortha talamhiata atá i mbéal forbartha agus stáit oileánacha bheaga atá i mbéal tíortha, i slabhraí luacha réigiúnacha agus domhanda.

33. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé an comhar réigiúnach a neartú agus comhtháthú trádála a chur chun cinn, ar nithe iad atá ríthábhachtach chun an athléimneacht a fheabhsú agus chun rannpháirtíocht eacnamaíoch dhomhanda níos cuimsithí agus níos éagsúlaithe a áirithiú. Is é an tAontas an soláthraí is mó Cúnaimh don Trádáil, lena n-áirítear infheistíochtaí i mbonneagar agus acmhainneacht tháirgiúil trí *Global Gateway* a thairiscint agus tacaíocht a thabhairt do bhearta boga chun feabhas a chur ar dhálaí trádála agus infheistíochta, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar éifeachtaí seach-iarmharta a d’fhéadfadh a bheith ann chun a áirithiú go gcuirfidh an tacaíocht sin le torthaí inbhuanaithe cuimsitheacha. Dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas tiomanta do bhearta a áireamh ina chomhaontuithe trádála chun a áirithiú go mbeidh tionchar dearfach ag an trádáil ar an bhforbairt inbhuanaithe.

34. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór don mhaoiniú don chlár oibre um fhorbairt a bheith comhleanúnach, cuimsitheach, éifeachtach agus níos éifeachtúla agus nach mór do na páirtithe leasmhara uile ar gach leibhéal, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach, fiontair bheaga agus mheánmhéide san áireamh, a bheith rannpháirteach go fóinteach agus a gcuid a dhéanamh.

―――――――――――――